2024/2434

12.9.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/2434 ÓN gCOIMISIÚN

an 11 Meán Fómhair 2024

lena maolaítear i leith na bliana 2024 ar Airteagal 44(2), an dara fomhír, de Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le leibhéal na réamhíocaíochtaí le haghaidh idirghabhálacha i bhfoirm íocaíochtaí díreacha agus idirghabhálacha forbartha tuaithe a bhaineann le limistéar agus le hainmhithe

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ([1]), agus go háirithe Airteagal 44(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 44(2), an dara fomhír, pointe (a) de Rialachán (AE) 2021/2116, ón 16 Deireadh Fómhair go dtí an 30 Samhain, féadfaidh na Ballstáit réamhíocaíochtaí suas le 50 % a dhéanamh i leith idirghabhálacha i bhfoirm íocaíochtaí díreacha agus i leith na mbeart dá dtagraítear i gCaibidil IV de Rialachán (AE) Uimh. 228/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) agus i gCaibidil IV de Rialachán (AE) Uimh. 229/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]). De bhun Airteagal 44(2), an dara fomhír, pointe (b), de Rialachán (AE) 2021/2116, roimh an 1 Nollaig, féadfaidh na Ballstáit réamhíocaíochtaí suas le 75 % a dhéanamh i leith idirghabhálacha forbartha tuaithe a bhaineann le limistéar agus le hainmhithe faoi Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]).

(2) De bhun Airteagal 44(6) de Rialachán (AE) 2021/2116, arna iarraidh sin do Bhallstát, i gcás éigeandála, féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena maolaítear ar Airteagal 44(2) den Rialachán sin a mhéid agus ar feadh tréimhse atá fíor-riachtanach.

(3) Ag an gcruinniú a bhí ag an gComhairle Talmhaíochta agus Iascaigh an 15 Iúil 2024, d'iarr na Ballstáit ar an gCoimisiún maolú ar Airteagal 44(2) de Rialachán (AE) 2021/2116 ionas gur féidir leis na Ballstáit réamhíocaíochtaí méadaithe a íoc chun aghaidh a thabhairt ar éigeandáil a tháinig chun cinn mar gheall ar mheascán eisceachtúil de theagmhais dhíobhálacha, lena n-áirítear ionradh leanúnach na Rúise ar an Úcráin, toradh ar na coinbhleachtaí sa Mheánoirthear chomh maith le teagmhais adhaimsire i lár, i ndeisceart agus in oirthear na hEorpa. Ag an gcruinniú comhpháirteach a bhí ag an gCoiste um na Cistí Talmhaíochta, Coiste an Chomhbheartais Talmhaíochta agus an Coiste um Chomheagrú na Margaí Talmhaíochta an 24 Iúil 2024, dheimhnigh na Ballstáit go mbíonn fadhbanna leachtachta ag a dtáirgeoirí talmhaíochta mar gheall ar theaglaim de theagmhais dhíobhálacha a d'imir tionchar ar phraghsanna ionchur talmhaíochta agus tráchtearraí talmhaíochta. D'iarr siad ar an gCoimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh de mhaolú ar Airteagal 44(2) de Rialachán (AE) 2021/2116 ionas gur féidir réamhíocaíochtaí méadaithe a íoc le haghaidh na n-idirghabhálacha agus na mbeart uile i leith na bliana éilimh 2024.

([1]) IO L 435, 6.12.2021, lch. 187, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/2116/oj.

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 228/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Márta 2013 lena leagtar síos bearta sonracha don talmhaíocht sna réigiúin is forimeallaí den Aontas agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 247/2006 ón gComhairle (IO L 78, 20.3.2013, lch. 23, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/228/oj).

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 229/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Márta 2013 lena leagtar síos bearta sonracha don talmhaíocht i bhfabhar na n-oileán Aeigéach is lú agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1405/2006 ón gComhairle (IO L 78, 20.3.2013, lch. 41, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/229/oj).

([4]) Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha atá le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gcomhbheartas talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus le maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 (IO L 435, 6.12.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/2115/oj).

(4) Le hionradh leanúnach na Rúise ar an Úcráin agus leis na coinbhleachtaí sa Mheánoirthear, tá an baol ann go gcuirfear síneadh leis na deacrachtaí atá ann cheana, amhail praghsanna arda ionchuir, agus go gcruthófar suaitheadh nua sa trádáil idirnáisiúnta earraí, lena n-áirítear atreorú trádála, rud a fhágfaidh go mbeidh costais agus moilleanna loingseoireachta níos mó ann. Cuireann forbairtí agus éiginnteachtaí den sórt sin brú aníos ar phraghsanna ionchuir. Cuireann na teagmhais sin isteach freisin ar phatrúin trádála agus imríonn siad tionchar suntasach ar phraghsanna tráchtearraí talmhaíochta agus ar mhargaí talmhaíochta.

(5) Tá praghsanna ionchuir, amhail fuinneamh agus leasacháin, ard i gcónaí i ngach earnáil talmhaíochta. Laistigh den Aontas, tá méadú tagtha, i gcomhréir leis an mboilsciú ginearálta, ar phraghsanna ionchur eile i gcás feirmeoirí agus oibreoirí biashlabhra, amhail táirgí cosanta plandaí agus cóireálacha sláinte ainmhithe, innealra agus pacáistiú, mar shampla. Mar sin féin, tá praghsanna tráchtearraí talmhaíochta, lena n-áirítear gránaigh agus beatha, fós réasúnta íseal, rud a laghdaíonn na corrlaigh bhrabúis d'fheirmeoirí. I roinnt Ballstát, tá an staid tar éis éirí an-deacair, ós rud é go bhfuil meath breise tagtha ar an gcóimheas praghais idir ionchur agus tráchtearraí i gcomparáid le 2023, go háirithe i gcás na dtáirgeoirí gránach agus beatha.

(6) Thairis sin, meastar go mbeidh tionchar diúltach ar tháirgeacht barr ag teagmhais dhíobhálacha mheitéareolaíocha a tharla le déanaí, amhail báisteach iomarcach, sioc déanach agus tuilte áitiúla i réigiúin áirithe, agus easnamh uisce, chomh maith le tonnta teasa, i roinnt codanna de lár, deisceart agus oirthear na hEorpa.

(7) Is dócha go gcruthóidh na himthosca sin fadhbanna leachtachta do tháirgeoirí talmhaíochta ar fud an Aontais, ós rud é go mbíonn tionchar ag na teagmhais dhíobhálacha ar phraghsanna ionchur agus tráchtearraí talmhaíochta. Is measa fós é sin mar gheall ar na rátaí arda úis ar mhargaí airgeadais na hEorpa. I bhfianaise na n-imthosca sin, ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit réamhíocaíochtaí méadaithe a íoc i leith na bliana éilimh 2024 chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna leachtachta is dócha a bheidh ag táirgeoirí talmhaíochta ar fud an Aontais.

(8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um na Cistí Talmhaíochta, Coiste an Chomhbheartais Talmhaíochta agus an Coiste um Chomheagrú na Margaí Talmhaíochta,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. De mhaolú ar Airteagal 44(2), an dara fomhír, pointe (a), de Rialachán (AE) 2021/2116, i leith na bliana éilimh 2024, féadfaidh na Ballstáit réamhíocaíochtaí suas le 70 % a íoc le haghaidh idirghabhálacha i bhfoirm íocaíochtaí díreacha faoi Theideal III, Caibidil II, de Rialachán (AE) 2021/2115, agus le haghaidh na mbeart dá dtagraítear i gCaibidil IV de Rialachán (AE) Uimh. 228/2013 agus i gCaibidil IV de Rialachán (AE) Uimh. 229/2013.

2. De mhaolú ar Airteagal 44(2), an dara fomhír, pointe (b), de Rialachán (AE) 2021/2116, i leith na bliana éilimh 2024, féadfaidh na Ballstáit réamhíocaíochtaí suas go 85 % a íoc i leith na tacaíochta arna deonú faoi idirghabhálacha forbartha tuaithe a bhaineann le limistéar agus le hainmhithe faoi Theideal III, Caibidil IV, de Rialachán (AE) 2021/2115.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 11 Meán Fómhair 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN